Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021
(OR. en)

9158/21

LIMITE

ENFOPOL 201
SIRIS 50
COPEN 247
SCHENGEN 48
IXIM 99
CODEC 790
IA 104

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0349(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5388/7/21 REV 7 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13908/20+COR 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 9 Nollaig 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le comhar Europol le páirtithe príobháideacha, an phróiseáil a dhéanann Europol ar shonraí pearsanta chun tacú le himscrúduithe coiriúla, agus ról Europol maidir le taighde agus nuálaíocht[1]. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 88 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Nuair a cuireadh i láthair é, bhí Measúnú Tionchair ag gabháil leis[2].

[1] 13908/20 + COR 1.
[2] 13908/20 ADD 1 + ADD 2 + ADD 3 (+ COR).

2. Ag an am céanna, thíolaic an Coimisiún togra gaolmhar le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1862 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a mhéid a bhaineann le hiontráil foláireamh ag Europol[3].

3. Is é is cuspóir don togra sainordú Europol a neartú i roinnt réimsí inar léirigh na Ballstáit riachtanais oibríochtúla láidre – mar shampla comhar Europol le páirtithe príobháideacha agus le tríú tíortha a fheabhsú, soiléiriú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfadh Europol tacair mhóra chasta sonraí a phróiseáil, nó ról Europol i réimse an taighde agus na nuálaíochta a neartú. Is é is aidhm freisin don togra comhar Europol le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a neartú, córas cosanta sonraí Europol a ailíniú le Rialachán (AE) 2018/1725, agus cur leis an deis ag Europol tionscnamh imscrúdú coiriúil a iarraidh i mBallstát, agus cur ar chumas Europol sonraí tríú tír a chur ar fáil d'oifigigh thúslíne trí Chóras Faisnéise Schengen (SIS).

4. Bhain <u>Éire</u> úsáid as an deis, a leagtar amach in Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 21) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, agus thug sí fógra gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an bhirt bheartaithe. Agus an Prótacal (Uimh. 22) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Danmhairge á chur i bhfeidhm aici, níl <u>an Danmhairg</u> rannpháirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe.

5. Cheap <u>Parlaimint na hEorpa</u> (PE) Javier ZARZALEJOS (PPE, ES) mar rapóirtéir. An 26 Bealtaine 2021, chuir Javier ZARZALEJOS a dhréacht-tuarascáil faoi bhráid Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) de chuid Pharlaimint na hEorpa. Féadfar leasuithe a chur síos faoin 4 Meitheamh 2021.

---

[3] 13882/20.

## II. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

6. Eagraíodh an obair timpeall naoi mbloc théamacha agus pléadh na tograí ag 12 chruinniú den Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí (LEWP) agus ag cruinniú amháin a bhí ag an Meitheal um Malartú Faisnéise CGB (IXIM) go dtí seo, agus dhá chruinniú eile LEWP atá beartaithe don 14 agus don 21 Meitheamh 2021; ina dhiaidh sin, cuirfidh an Uachtaránacht torthaí a cuid oibre faoi bhráid COREPER chun sainordú a lorg le haghaidh caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa maidir leis an oiread bloc caibidlíochta agus is féidir.

7. Tá an-dul chun cinn déanta. Is féidir a mheas go bhfuil roinnt bloc dúnta nó nach gá, go praiticiúil, tuilleadh plé a dhéanamh ina dtaobh ach amháin i gcás roinnt coigeartuithe teicniúla críochnaitheacha: is amhlaidh atá go háirithe i ndáil le bloic 1 agus 5 maidir le comhar le páirtithe príobháideacha agus le tríú tíortha, faoi seach, le bloc 3 chomh maith maidir le ról Europol sa nuálaíocht agus le bloc 6 maidir leis an gcaidreamh idir Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE). Agus ar deireadh, na hathruithe sin a bhí ag teastáil i mbloc 7 ar thionscnamh imeachtaí coiriúla, tá siad comhaontaithe go hiomlán ag na Ballstáit.

8. Féadtar a thabhairt ar aire chomh maith an dul chun cinn mór atá déanta ar na bloic atá fágtha agus atá á bplé. Tá bloc 2 maidir le láimhseáil tacar mór sonraí casta go teicniúil ach tá sprioc choiteann ag na Ballstáit – córas atá bunaithe ar chosaintí iomchuí a chuirfidh ar chumas Europol tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit in aois na dteicneolaíochtaí nua-aimseartha ina mbíonn méideanna móra sonraí le próiseáil. Pléadh ag dhá chruinniú bloc 8 maidir le córas cosanta sonraí Europol a ailíniú le Rialachán (AE) 2018/1725 agus rinneadh athbhreithniú ar an téacs chun freastal ar roinnt ábhar imní a d'ardaigh na Ballstáit. Agus ar deireadh, le linn an chruinnithe dheireanaigh an 1 Meitheamh 2021, thíolaic an Uachtaránacht an dara moladh comhréitigh maidir le faisnéis tríú tír a iontráil in SIS, chun teacht ar réiteach lena ndúnfar an bhearna faisnéise a mheastar a bheith ann agus lena bhféadfar tacaíocht leordhóthanach a fháil i measc na mBallstát. Tá tuilleadh oibre ag teastáil fós ar na saincheisteanna sin ach d'fhéadfaí iad a réiteach fós roimh dheireadh mhí an Mheithimh.

9. Is féidir staid na himeartha agus príomhpharaiméadair an chomhaontaithe i measc na mBallstát maidir leis na bloic aonair chaibidlíochta a achoimriú mar seo a leanas:

a) **Comhar le páirtithe príobháideacha (bloc 1)**: tháinig na Ballstáit ar chomhaontú maidir le roinnt breiseanna agus soiléirithe atá le cur leis an togra ón gCoimisiún, e.g. chun aon chur isteach ar obair na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais faoin gcreat dlíthiúil a bhfuil feidhm aige maidir leo faoi láthair a chosc. Tá tuilleadh rialacha agus treoirlínte le leagan amach ag Bord Bainistíochta Europol, mar shampla maidir leis an tsaincheist cé acu atá Ballstát bunaíochta páirtí phríobháidigh le meas go huathoibríoch mar Bhallstát lena mbaineann malartú sonraí nó nach bhfuil. Maidir leis an gcomhar le páirtithe príobháideacha i gcásanna géarchéime ar líne, rinneadh soiléirithe chun dúbláil iarrachtaí idir Europol agus na Ballstáit a sheachaint.

b) **Láimhseáil mórshonraí (bloc 2)**: tá réiteach á phlé faoi láthair ag na Ballstáit a shoiléireodh a thuilleadh aidhm an togra ón gCoimisiún, arb é atá ann a áirithiú go mbeidh Europol in ann réamhanailís a dhéanamh ar thacair mhóra sonraí chun a chinneadh cé na sonraí atá iontu atá comhoiriúnach lena shainordú agus a fhéadfar a phróiseáil a thuilleadh, agus chun a áirithiú chomh maith go mbeidh Europol in ann tacú le himscrúduithe na mBallstát arna iarraidh sin dóibh, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí i gceist comhoiriúnach le hIarscríbhinn II de Rialachán Europol, fad a cheadaítear do na Ballstáit iarrthacha na sonraí sin a phróiseáil. Is éard atá i gceist leis an réiteach thuas imeacht go páirteach ón sainmhíniú ar cháschomhad imscrúdaitheach agus, ina ionad sin, tagairt a dhéanamh do shonraí imscrúdaitheacha, agus na cásanna ábhartha atá sna haithrisí comhfhreagracha a mhíniú a thuilleadh.

c) **Nuálaíocht (bloc 3)**: shoiléirigh na Ballstáit gur gá na hacmhainní cuí a chur ar fáil do Europol chun a ról a chomhlíonadh sa nuálaíocht ar mhaithe le riachtanais fhorfheidhmiú an dlí Eorpaigh, ról atá ag méadú i gcónaí. Ar an taobh eile, comhaontaíonn na Ballstáit nár cheart a chur de chúram ar Europol aon ról a imirt maidir le hInfheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) a scagadh, mar a mhol an Coimisiún ar dtús. Maidir le húsáid na sonraí arna dtarchur chuig Europol roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo, is mian leis na Ballstáit a áirithiú nach féidir le Europol úsáid a bhaint as sonraí ón am a chuaigh thart le haghaidh taighde agus nuálaíochta ach amháin má aontaíonn úinéir na sonraí go n-úsáidfear iad, bíodh sé *en bloc* nó le haghaidh tionscadail aonair taighde agus nuálaíochta. Sna céimeanna deiridh den chaibidlíocht, tá sé á phlé ag na toscaireachtaí ar cheart an comhaontú sin a bheith bunaithe ar chóras um rogha a bheith páirteach nó rogha gan a bheith páirteach.

d) **Faisnéis tríú tíortha a iontráil in CFS (bloc 4)**: rinneadh roinnt plé sa Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí agus sa Mheitheal um Malartú Faisnéise CGB araon chun príomhpharaiméadair réitigh a chinneadh lena bhféadfar faisnéis tríú tír a iontráil in CFS chun go mbeidh sí ar fáil d'oifigigh thúslíne. Níor thacaigh na Ballstáit leis an gcéad iarracht chun teacht ar chomhréiteach maidir leis na foláirimh faisnéise de chuid Europol féin a choinneáil, le coimircí breise le hais an togra ón gCoimisiún (teorannú don sceimhlitheoireacht agus do thríú tíortha iontaofa, agus b'fhéidir ar bhonn iarraidh shainráite ó Bhallstát agus ar an mbonn sin amháin). I bhfianaise an mhéid sin, tá an Uachtaránacht tar éis an dara moladh comhréitigh a chur síos anois, is é sin, tacaíocht a bheith á cur ar fáil ag Europol chun faisnéis tríú tíortha a anailísiú agus a fhíorú, ionas go bhféadfadh sé faisnéis a mholadh a bheadh le hiontráil ag na Ballstáit in CFS. Bheadh sásra tuairiscithe ag gabháil leis an bhforáil chun go ndéanfaí faireachán ar staid na himeartha maidir leis na foláirimh a mholfadh Europol. Tá an réiteach sin fós á phlé i measc na mBallstát.

e) **Comhar le tríú tíortha (bloc 5):** aontaíonn na Ballstáit gur gá iarracht a dhéanamh dul chun cinn níos suntasaí a dhéanamh maidir leis na féidearthachtaí do chomhar struchtúrach le tríú tíortha, thar an méid a mhol an Coimisiún ar dtús. Ar an mbonn sin, rinneadh foráil, agus é spreagtha ag Rialachán Eurojust, a chur isteach chun go bhféadfar sonraí a aistriú chuig tríú tíortha a bhforáiltear coimircí iomchuí i ndáil le cosaint sonraí pearsanta oibríochtúla dóibh in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí, nó a mbunaítear ina leith gurb ann do choimircí iomchuí ar bhonn fhéinmheasúnú Europol. Leis an bhféidearthacht sin, éilítear údarú ó Bhord Bainistíochta Europol.

f) **An caidreamh idir Europol agus OIPE (bloc 6)**: le hais an togra tosaigh ón gCoimisiún, aontaíonn na Ballstáit gur gá na forálacha ábhartha i Rialachán OIPE atá ann cheana agus an fhoráil nua atá á plé a bheith ag comhfhreagairt dá chéile ar bhonn níos doichte. Scriosadh tagairtí do thacaíocht ghníomhach sa chuid oibríochtúil agus san aithris chomhfhreagrach araon, mar aon le tagairtí don tacaíocht d'ionchúisimh, ar measadh iad a bheith ar neamhréir le sainordú Europol. Ar an taobh eile, rinneadh tagairtí do shrianta ar úsáid na faisnéise arna cur ar fáil ag na Ballstáit a chur isteach chun a áirithiú go mbeidh smacht iomlán ag úinéirí na sonraí ar tharchur a sonraí amach anseo, lena n-áirítear sonraí arna dtarchur chuig OIPE.

g) **Iarraidh ó Europol imscrúduithe coiriúla a thionscnamh sna Ballstáit (bloc 7):** tá na Ballstáit i gcoinne an togra ón gCoimisiún go ndéanfaí an deis do Europol imscrúduithe a iarraidh a leathnú go cásanna le nach mbeadh ach Ballstát amháin bainteach, agus chinn siad filleadh ar fhoclaíocht reatha Rialachán Europol, ar dá réir nach mór do dhá Bhallstát ar a laghad a bheith bainteach leis an gcoir ábhartha a thagann faoi raon feidhme chuspóirí Europol.

h) **Córas cosanta sonraí Europol (Bloc 8)**: is é atá i dtogra an Choimisiúin den chuid is mó ailíniú cothrománach ar chóras cosanta sonraí Europol, a bhí ann roimhe seo go neamhspleách, le Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí an Aontais. Le linn chruinniú an 1 Meitheamh 2021, thug an Coimisiún mínithe fada ar roinnt ceisteanna a d'ardaigh na Ballstáit i scríbhinn, agus rinne an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) cur i láthair ginearálta maidir le tionchar Rialachán Europol ar chosaint sonraí. Tá an chéad athbhreithniú ar na forálacha ábhartha déanta cheana féin, ina bhfuil soiléirithe maidir le comhairliúchán roimh ré le haghaidh cineálacha nua oibríochtaí próiseála, próiseáil grianghraf i ndáil leis an sainmhíniú ar shonraí bithmhéadracha, nó leathnú spriocdhírithe ar an rochtain ar shonraí áirithe ag oifigigh na mBallstát. Rinneadh ceartúcháin theicniúla éagsúla sa chaibidil seo freisin.

i) **Forálacha eile nach gcuimsítear in aon cheann de na bloic sin thuas (bloc 9)**: níor cuireadh tús go fóill leis an scrúdú ar an mbloc caibidlíochta seo. Cumhdaítear ann forálacha agus leasuithe nua éagsúla, mar shampla maidir le tacaíocht Europol do ghníomhaíochtaí EMPACT, d'imscrúduithe ar Spriocanna Ardluacha (HVTanna) agus d'aonaid idirghabhála, ach freisin maidir le comhar Europol le OLAF, ENISA agus le AFAnna. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin le linn na gcruinnithe atá fágtha ag an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí, a bheidh ann an 14 agus an 21 Meitheamh 2021.

## III. CONCLÚID

10. Rinneadh dul chun cinn an-suntasach le linn an tseimeastair seo, agus tá anailís á déanamh i gcónaí ag na toscaireachtaí ar an togra agus ar na hathbhreithnithe a rinneadh, de réir a chéile, ar an téacs ón Uachtaránacht ar an leibhéal teicniúil. D'ainneoin chastacht an togra, tá an Uachtaránacht lántiomanta i gcónaí do thuilleadh oibre a dhéanamh sna seachtainí atá fágtha den seimeastar seo d'fhonn deireadh a chur leis an scrúdú atá fós á dhéanamh ar an oiread is féidir de na bloic chaibidlíochta thuas agus sainordú (páirteach) a fháil le dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

11. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid na Comhairle chun go dtabharfaidh sí ar aird í ag an gcruinniú a bheidh aici an 7 agus an 8 Meitheamh 2021.